



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2025
(OR. en)

13158/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0287(NLE)

LIMITE

PECHE 285

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótaicail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032)

CINNEADH (AE) 2025/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais,
an Phrótacail maidir le cur chun feidhme
an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe
idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹,

¹ Toiliú an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/... ón gComhairle²⁺, síníodh an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032) ('an Prótacal') an ...⁺⁺, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (2) Is é is aidhm don Phrótacal cead a thabhairt do shoithí de chuid an Aontais iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta Oileáin Cook, é a chur ar a gcumas don Aontas agus do Rialtas Oileáin Cook obair i ndlúthchomhair le chéile chun forbairt beartais iascaigh inbhuanaithe agus saothrú freagrach acmhainní iascaigh i limistéar iascaireachta Oileáin Cook agus san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a chur chun cinn tuilleadh, agus chun rannchuidiú le dálaí oibre cuibhiúla a chruthú i dtionscal na hiascaireachta.
- (3) Ba cheart an Prótacal a fhorpheas thar ceann an Aontais.

² Cinneadh (AE) 2025/... ón gComhairle an ... maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (IO L, ..., ELI: ...).

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 13160/25 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

⁺⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Phrótacail atá i ndoiciméad ST 13165/25.


- (4) Le hAirteagal 6 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook³ ('an Comhaontú'), bunaítear Comhchoiste atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus an Phrótacail ('an Comhchoiste'). Thairis sin, de bhun Airteagal 7 den Phrótacal, is féidir leis an gComhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhorghnó. Chun formheas na leasuithe sin a éascú, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún, faoi réir forálacha agus coinníollacha substainteacha agus nós imeachta, na leasuithe a fhorghnó thar ceann an Aontais faoi nós imeachta simplithe.
- (5) Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a bhunú maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar an bPrótacal. Ba cheart na leasuithe atá beartaithe a fhorghnó mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid in aghaidh na leasuithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
- (6) Ós rud é go gcumhdaíonn an Prótacal níos mó ná aon bhliain airgeadais amháin, féadfar na gealltanais bhuiséadacha ghaolmhara a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar ré an Phrótacail i gcomhréir le hAirteagal 112(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴.

³ IO L 131, 20.5.2016, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/776/oj.

⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

- (7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ agus thug sé tuairim uaidh an ...⁶,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:



⁵ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

⁶ Tuairim an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

Airteagal 1

Déantar leis seo an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032) ('an Prótacal') a fhorpheas thar ceann an Aontais.

Airteagal 2

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, údarófar an Coimisiún leasuithe ar an bPrótacal arna nglacadh ag an gComhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 6 den Chomhaontú a fhorpheas, thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha⁷.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

⁷ Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN

Nós imeachta maidir le formheas a dhéanamh ar leasuithe ar an bPrótacal atá le glacadh ag an gComhchoiste

- (1) I gcás ina n-iarrfar ar an gComhchoiste leasuithe ar an bPrótacal a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Phrótacal, údarófar an Coimisiún le caibidlíocht a dhéanamh le Rialtas Oileáin Cook agus, i gcás inarb iomchuí agus faoi réir phointe 3 den Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh, na leasuithe atá beartaithe ar an bPrótacal a fhorghéar, thar ceann an Aontais, maidir leis na hábhair seo a leanas:
- (a) athbhreithniú ar na deiseanna iascaireachta de bhun Airteagail 1(2) agus 7(1) den Phrótacal agus, dá bhrí sin, ar an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) agus in Airteagal 2(2) den Phrótacal;
 - (b) na socrúithe cur chun feidhme don tacaíocht earnála dá dtagraítear in Airteagal 4 den Phrótacal;
 - (c) na dálaí agus na socrúithe teicniúla faoina rachaidh soithí de chuid an Aontais i mbun a ngníomhaíochtaí iascaireachta;
 - (d) na coimircí breise, dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) den Phrótacal, arb é is aidhm dóibh sonraí pearsanta a chosaint.

- (2) Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún:
- (a) go mbeidh sé comhsheasmhach le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;
 - (b) go mbeidh sé comhoiriúnach maidir leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann an comhbhainistiú a dhéanann stáit chósta;
 - (c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí arna tarchur chuig an gCoimisiún.
- (3) Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe 2(c), tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, nó chuig a comhlachtaí ullmhúcháin, in am trátha roimh an gcruinniú ábhartha den Chomhchoiste, doiciméad ina leagfar amach go mionsonraithe sonraí an tseasaimh atá beartaithe ag an Aontas ('an doiciméad ullmhúcháin') lena bhreithniú agus lena fhorghnó.
- (4) Measfar an seasamh atá beartaithe ag an Aontas atá sa doiciméad ullmhúcháin a bheith formheasta, mura ndéanann líon áirithe Ballstát, líon is comhionann le mionlach blocála sa Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agóid ag cruinniú de chomhlacht ullmhúcháin na Comhairle nó laistigh de 20 lá ón doiciméad ullmhúcháin a fháil, nó cibé acu is túisce. I gcás ina ndéantar an agóid sin, cuirfear an cheist faoi bhráid na Comhairle.

- (5) Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste a thionólfar ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cruinnithe ar an láthair, nach féidir teacht ar chomhaontú, cuirfear an t-ábhar os comhair na Comhairle arís, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí 2 go 4, chun go gcuirfear na gnéithe nua san áireamh i seasamh an Aontais.
- (6) Iarrtar ar an gCoimisiún na bearta uile is gá a dhéanamh, in am trátha, lena áirithiú go ndéanfar obair leantach ar chinneadh an Chomhchoiste, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá a chur in iúl chun an cinneadh sin a chur chun feidhme.
- (7) A mhéid a bhaineann le hábhair eile nach mbaineann le modhnuithe ar an bPrótacal i gcomhréir le hAirteagal 7(3) de, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre bhunaithe.
-